| Ceol na hArdteistiméireachta Meitheal Forbartha | Grúpa Forbartha Cruinniú 2<br>23.10.2024<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte, Miontuairiscí agus Nuashonruithe.** | Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh bhaill na Meithle Forbartha chuig an gcruinniú. Glacadh leis na miontuairiscí ón gcruinniú deireanach.<br>Thug an Feidhmeannas nuashonrú maidir le cuairteanna scoile agus ullmhú na Cáipéise Eolais. |
| **Dréacht-Réasúnaíocht agus Dréacht-Aidhm** | Roinn an Feidhmeannas dréacht-Réasúnaíocht agus dréacht-Aidhm, bunaithe ar an aiseolas a cuireadh i dtoll a chéile ag an gcruinniú deireanach. Cuireadh fáilte roimh bhaill dul i ngleic leis na cáipéisí agus aiseolas a thabhairt. Moladh roinnt athruithe téacs. Tá an Feidhmeannas chun na doiciméid a athdhréachtú agus a chur i láthair ag an gcéad chruinniú eile le haghaidh tuilleadh plé agus aiseolais. |
| **Leanúnachas agus Dul Chun Cinn** | Ghlac baill na meithle páirt i mbeart scóipe le cuid ar Leanúnachas agus Dul Chun Cinn a fhorbairt. Caithfidh an Feidhmeannas aiseolas ón ngníomhaíocht a chur i dtoll a chéile agus a chur i láthair chun plé a dhéanamh air ag an gcéad chruinniú eile. |
| **Foghlaim an Scoláire i gCeol na Sraithe Sinsearaí** | Dhírigh baill na Meithle Forbartha ar phríomhfhoghlaim a shainaithint do scoláirí Cheol na hArdteistiméireachta. Roinneadh aiseolas trí phlé oscailte. |
| **Príomhinniúlachtaí** | Bhí an deis ag baill na meithle plé a dhéanamh agus aiseolas a thabhairt maidir leis na trí phríomhinniúlacht seo a leanas: A Bheith Cruthaitheach, Obair le Daoine Eile agus Rannpháirtíocht sa tsochaí. |
| **Aon Ghnó Eile agus na dátaí don chéad chruinniú eile.** | **An Chéad Chruinniú Eile:** 28.11.2024<br>Rinne an Cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirteachas. |